# Ollscoil Mhá Nuad
# Maynooth University

## Roinn na Nua-Ghaeilge
### Léachtóir/ Ollamh Cúnta
(Buan)

**An Ról**

Tá Ollscoil Mhá Nua tiomanta do straitéis ina ndéantar príomhspriocanna na hOllscoile maidir le taighde agus scoláireacht den scoth agus oideachas den scoth a idirnascadh agus ina léirítear an meas céanna ar an dá ghné.

Tá scoláire á lorg againn a thiocfaidh isteach san fhoireann mar Léachtóir/ Ollamh Cúnta sa Nua-Ghaeilge. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil taithí acu ar theagasc na Gaeilge scríofa, ag leibhéal fochéime agus leibhéal iarchéime, agus saineolas acu ar dhá cheann, ar a laghad, de na réimsí teangeolaíochta seo a leanas: an fhoghraíocht, an chanúineolaíocht, an tsochtheangeolaíocht. Beidh ag an té a cheapfar Gaeilge labhartha agus scríofa den scoth agus taifead cruthaithe de theagasc, taighde agus foilsiú, a bheidh ag teacht le céim forbartha na gairme. Beifear ag súil go gcuideoidh siad go mór le clár teagaisc na Roinne agus go rachaidh siad i mbun dualgas teagaisc ar chlár fochéime agus iarchéime na Roinne.

Beifear ag súil le go bhforbróidh an té a cheapfar próifíl láidir taighde, ina dtacófar le straitéis na hOllscoile lena n-áirítear cleamhnú le hinstitiúidí taighde, nuair is cuí, agus dul i mbun oibre le comhghleacaithe ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Beifear ag súil le go rachaidh an té a cheapfar i mbun taighde, go mbeidh an duine sin ag gabháil do scoláireacht shubstaintiúil ar ardchaighdeán agus go mbeidh siad in ann foilseacháin ar chaighdeán idirnáisiúnta a ghiniúint.

**Teagasc:**

Is é an Ceann Roinne a shainíonn dualgais teagaisc fochéime agus iarchéime. Áireofar ar na dualgais:

- Mic léinn fochéime a theagasc agus a mheasúnú. Is féidir go n-áireofar air seo léachtaí a thabhairt, ranganna teagaisc, dul i gceannas ar ghníomhaíochtaí

praiticiúla foghlama, agus measúnachtaí a leagan amach, a mhaoirsiú agus a ghrádú;

- Mic léinn iarchéime a theagasc agus a mheasúnú, lena n-áirítear léachtaí a thabhairt, dul i gceannas ar sheimineáir agus ar ghníomhaíochtaí foghlama eile, agus measúnachtaí a leagan amach, a mhaoirsiú agus a ghrádú;
- An cleachtas teagaisc agus measúnachta a fheabhsú agus a nuáil;
- Cuidiú chun caighdeán an teagaisc a dhearbhú agus a fheabhsú;
- Gníomhaíochtaí for-rochtana agus tionscnaimh agus mic léinn fochéime agus iarchéime a earcú agus a roghnú;
- An curaclam a fhorbairt agus a fheabhsú;
- Cúrsaí nua a dhearadh agus a thabhairt.

**Taighde agus scoláireacht:**

Cuid riachtanach den ghairmré acadúil is ea próifíl taighde agus scoláireachta a fhorbairt. Áireofar air sin:

- Dul i mbun taighde agus gabháil le scoláireacht ardchaighdeáin shubstaintiúil sa disciplín;
- Aimsiú ioncam seachtrach taighde nó áiseanna le tacú le cúrsaí scoláireachta de réir mar is gá;
- Taighde agus torthaí scolártha a scaipeadh ar na slite seo a leanas: foilseacháin phiarmheasúnaithe; cur i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta; tuarascálacha gairmiúla a réiteach; tráchtálú; nó modhanna cuí eile;
- Cleamhnú le hInstitiúid Taighde Ollscoile, nuair is cuí;
- Cumas taighde a fhorbairt;
- Naisc a chothú le hinstitiúidí eile a rachaidh chun sochair don taighde agus don teagasc ag Ollscoil Mhá Nuad;
- An taighde a lánpháirtiú sa churaclam teagaisc;
- Mic léinn taighde agus comhaltaí iardhochtúireachta ag stiúradh.

**Seirbhís:**

Tá tábhacht mhór ag baint le baill na foirne acadúla ó thaobh cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile a bhaint amach, agus dá réir sin is gá dóibh dul i mbun oibre a chomhlíonann riachtanais straitéiseacha chomhchoiteanna na hOllscoile. D’fhéadfaí na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Dualgais riaracháin agus dualgais eile;
- Treorú nó cur le tionscadail agus le tionscnaimh straitéiseacha;
- Cuidiú le hidirnáisiúnú na hollscoile;
- Gníomhaíochtaí for-rochtana agus rannpháirtíochta;
- Dul i mbun oibre le comhpháirtithe seachtracha;

- Gníomhaíochtaí chun an Ollscoil a chur chun cinn go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- Aon dualgais eile a chomhlíonadh laistigh de raon feidhme, spiorad agus cuspóir phost acadúil in Ollscoil Mhá Nuad.

**Dualgais riaracháin agus dualgais eile:**

Áireofar air sin:

- Dul i mbun tascanna riaracháin laistigh den Roinn, Scoil, Dámh nó Ollscoil faoi mar a iarrann agus mar a shainíonn an Ceann Roinne, an Ceann Scoile, an Déan nó an tUachtarán;
- Seirbhís a dhéanamh ar choistí Roinne, Scoile, Dáimhe, Institiúide agus Ollscoile, mar is cuí;
- Freastal ar chúrsaí agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí eile a bhaineann le forbairt ghairmiúil, mar is cuí;
- Gach ceann de bheartais na hOllscoile a chomhlíonadh.

**Beidh ag an iarrthóir is oiriúnaí:**

- Dochtúireacht sa Nua-Ghaeilge;
- Gaeilge labhartha agus scríofa den scoth;
- Taifead láidir acadúil sa teagasc agus sa taighde;
- Taifead obair scolártha agus foilseacháin ar cháilíocht idirnáisiúnta i ngort na teangeolaíochta, ag léiriú cumas chun bheith ina rannpháirtí suntasach sa ghort;
- Taithí ar theagasc fochéime agus iarchéime, ar fhorbairt clár agus ar nuáil acadúil agus tiomantas léirithe ina leith siúd;
- Taithí ar stiúradh mic léinn taighde iarchéime;
- Taithí ar dhul i mbun oibre i socrúchán idirdhisciplíneach agus tiomantas ina leith;
- Dea-scileanna riaracháin, obair bhuíne agus chumarsáide.

**An Ollscoil**

Is ollscoil faoi leith í Ollscoil Mhá Nuad, institiúid atá dírithe ar na daonnaíochtaí, ar an eolaíocht agus ar an innealtóireacht, agus ar na heolaíochtaí sóisialta, chomh maith leis an taighde, an teagasc agus an rannpháirtíocht sa phobal. Tá an Ollscoil suite i Maigh Nuad, an t-aon bhaile ollscoile in Éirinn, agus cuireann stair agus oidhreacht uathúil an bhaile go mór le carachtar agus le féiniúlacht na hinstitiúide. Cuirtear oideachas ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis is 17,000 mac léinn ar an gcampas, áit a bhfuil stair an 18ú haois agus nuálaíocht an 21ú haois araon ag baint léi.

Ó bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad mar ollscoil phoiblí neamhspleách, tá forbairt shuntasach straitéiseach agus éachtaí as cuimse déanta aici, rud atá ina údar iontach mórtais ag baill foirne, ag mic léinn, ag céimithe agus ag pobal na hOllscoile araon. Aithnítear Ollscoil Mhá Nuad anois i measc na n-ollscoileanna óga is fearr ar domhan, agus í sa chéad áit sa liosta is déanaí de 'na hOllscoileanna Óga is Fearr' atá foilsithe ag Times Higher Education (THE). Tá an dea-cháil atá ar Ollscoil Mhá Nuad ar fud an domhain bunaithe ar roinnt gnéithe; ina measc, nuálaíocht, ardchaighdeán, tábhacht agus tionchar a cuid taighde agus scoláireachta; an tiomantas don oideachas agus don fhoghlaim; caighdeán na gclár acadúil; agus an cheannaireacht atá léirithe aici chun an rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú. Is iad tiomantas na mball foirne agus fuinneamh agus rannpháirtíocht na mac léinn is cúis leis an rath seo atá ar an Ollscoil.

**Luachanna Ollscoil Mhá Nuad**

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do na luachanna seo a leanas agus is iad bunchloch na hinstitiúide iad:

- Ionracas
- Coláisteacht
- Freagracht
- Saoirse tuairimíochta
- Uaillmhian

**Plean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2023–2028**

Tógann Plean Straitéiseach na hOllscoile 2023–2028 ar an stair shaibhir acadúil agus ar an mbunchloch láidir a bhaineann leis an institiúid, chun conair uaillmhianach agus cheannródaíoch a leagan amach do thodhchaí na hOllscoile.

Is plean atá ann a léiríonn ár dtiomantas aghaidh a thabhairt ar athruithe móra an tsaoil ach a bheith dílis dár gcuid luachanna féin i gcónaí. Is í an fhís atá againn ná go mbeadh cáil ar an Ollscoil mar gheall ar an bhfeabhas a bhaineann léi, mar gheall ar na deiseanna a thugann sí agus mar gheall ar an tionchar a imríonn sí ar an tsochaí.

**Le tuilleadh eolais a fháil ar aidhmeanna straitéiseacha Ollscoil Mhá Nuad, féach anseo: https://strategy.maynoothuniversity.ie/?lang=ga**
**Dámh agus Institiúidí Taighde**

Tá Dámh na nDán agus na nDaonnachtaí comhdhéanta de Ranna na Sean-Chlasaicí, na Staire, an Cheoil, na Fealsúnachta, Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Nua-theangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, Scoil an Bhéarla, Staidéar Meán agus Amharclainne agus an institiúid taighde, Institiúid na nDán agus na nDaonnachtaí. Is é ról na Dáimhe comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí acadúla na rann éagsúil, maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach na rann agus tacú le cláir idir-

rannacha. Tá roinnt institiúidí idirdhisciplíneacha ceaptha ag an Ollscoil chun tacú le taighde den scoth agus chun cumas taighde a fhorbairt sna disciplíní ar fad.

Is cuid de Scoil an Léinn Cheiltigh Roinn na Nua-Ghaeilge. Tá seisear léachtóirí lánaimseartha sa Roinn mar aon le roinnt teagascóirí lánaimseartha agus páirtaimseartha agus tairgeann sí céimeanna fochéime agus iarchéime i dtimpeallacht fhuinniúil foghlama, bunaithe ar a neart taighde sa teanga agus sa litríocht.

## Roghnú agus Ceapadh

- Ní thabharfar cuireadh chun agallaimh ach d'iarrthóirí a n-éireoidh leo an gearrliosta a bhaint amach;
- Beidh ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh cur i láthair gairid a dhéanamh;
- Ceadóidh an tUachtarán ceapacháin bunaithe ar thuairisc an bhoird roghnúcháin;
- Tá sé i gceist na hagallaimh a reáchtáil i mí na Bealtaine 2026;
- Táthar ag súil go mbeidh feidhm leis an gceapachán ón 1 Meán Fómhair 2026, nó chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Déanann Ollscoil Mhá Nuad iarracht faoi leith an comhionannas a chinntiú, éagsúlacht ár bpobail a cheiliúradh, agus an ionchuimsitheacht a chur chun cinn. Chun tuilleadh eolais a fháil ar ár dtiomantas don Chomhionannas agus don Éagsúlacht, féach ar na polasaithe seo a leanas: Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta Ollscoil Mhá Nuad, Beartas maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas, agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne 2023-2026. Féachaimid le héagsúlacht an phobail sin a bhfreastalaímid air a léiriú agus fáiltímid roimh iarratais ó chách.

Is fostóir comhdheiseanna é Ollscoil Mhá Nuad agus cuirimid gach tacaíocht ar fáil chun cuidiú le hiarrthóirí páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas earcaíochta. Má theastaíonn ó iarrthóir labhairt linn faoi mhíchumas de chineál ar bith ag pointe ar bith sa phróiseas earcaíochta, fáilteofar roimhe sin chun a chinntiú go mbeidh ar a c(h)umas páirt iomlán a ghlacadh.

## Téarmaí agus coinníollacha

| | |
|---|---|
| **Tionacht** | Ar leibhéal an Léachtóra/ an Ollaimh Chúnta a dhéanfar an ceapachán seo, agus dhá cheann de ghráid atá ann: Léachtóir/ Ollamh Cúnta agus Léachtóir Cúnta. Ní mór don iarrthóir is oiriúnaí PhD a bheith aige/aici, taifead láidir taighde, foilseachán, teagaisc agus ceannaireacht acadúil a bheith aige/aici le go gceapfaí é/í ar leibhéal Léachtóra. |

| | |
|---|---|
| | Déanfaidh an Ollscoil ceapachán buan sa chás go bhfuil taifead bunaithe sa taighde agus sa teagasc ag an iarrthóir is fearr; sa chás gur le leas na hOllscoile é is féidir go líonfar an post ar bhonn conradh ar théarma seasta. |
| **Tuarastal** | Léachtóir / Ollamh Cúnta(2026): €65,401 – €103,564 p.a. (7 bpointe)<br>Léachtóir Cúnta: €42,599 – €72,718 p.a. (14 phointe)<br><br>Déanfar an ceapachán de réir threoirlínte pá na Roinne Airgeadais. |
| **Áit** | Is é campas Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara an áit oibre. |
| **Polasaithe agus scéimeanna Ollscoile** | Beidh fostaithe de chuid na hOllscoile faoi réir pholasaithe agus scéimeanna na hOllscoile, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOllscoile ag:<br><br>https://www.maynoothuniversity.ie/university-policies<br><br>https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/policies |
| **Pinsean** | Is post inphinsin é seo. Glacfaidh fostaithe de chuid na hOllscoile páirt i scéim pinsin don earnáil phoiblí. Tá sonraí maidir leis na scéimeanna sin ar fáil ag:<br><br>https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/pension-information |
| **Incháilitheacht** | Fáiltítear roimh iarratais ó shaoránaigh neamh-LEE. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara gurb í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a rialaíonn incháilitheacht. Tá tuilleadh eolais maidir le hincháilitheacht ar fáil ag: https://enterprise.gov.ie/en/what-we-do/workplace-and-skills/employment-permits/employment-permit-eligibility/<br><br>Tá iarratasóirí neamh-LEE freagrach as a chinntiú gur féidir leo víosa a fháil chun taisteal go hÉirinn. Tá aon tairiscint fostaíochta ag brath ar iarratasóirí na ceadanna fostaíochta cuí a fháil.<br><br>**Iarfhostaithe de chuid Sheirbhís Phoiblí na hÉireann – Srianta Áirithe ar Cháilitheacht** |

| | |
|---|---|
| | D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar incháilitheacht iarratasóirí a bhí fostaithe roimhe seo ag eagraíocht de chuid Earnáil Phoiblí na hÉireann, agus a bhain leas as Scéim Iomarcaíochta de chuid Sheirbhís Phoiblí na hÉireann nó Scéim Dreasachta Scoir faoi na Scéimeanna thíos:<br>• Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí<br>• Scéim Dreasachta um Luathscor (ISER)<br>• Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)<br>• An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)<br><br>Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil siad i dteideal a bheith fostaithe arís i Seirbhís Phoiblí na hÉireann faoi théarmaí Scéimeanna dá leithéid. Ba cheart d'iarratasóirí ceisteanna faoi seo a chur faoi bhráid a gcuid iarfhostóirí in Earnáil Phoiblí na hÉireann. |
| **Grinnfhiosrúchán Garda** | D'fhéadfadh go mbeadh grinnfhiosrúchán nó imréiteach Garda ag teastáil ón Ollscoil. |
| **Scrúdú leighis** | D'fhéadfadh go mbeadh scrúdú leighis ag teastáil ón Ollscoil mar choinníoll fostaíochta. |

**Dlí Cosanta Sonraí**

Déanann Ollscoil Mhá Nuad próiseáil ar iarratais de réir pholasaithe cosanta sonraí na hOllscoile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar ar Pholasaithe Cosanta Sonraí agus ar Fhógra Príobháideachais na hOllscoile ar ár suíomh gréasáin: https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection

**Treoracha iarratais**

**Dáta deiridh:**

23:30 (am na hÉireann) **ar an Domhnach 12 Aibreán 2026.**

Ní mór iarratais a dhéanamh ar an bpost trínár **dTairseach Earcaíochta ar Líne** ag an nasc seo a leanas: https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/vacancies

Caithfear iarratais a chur isteach faoin dáta deiridh agus faoin am a shonraítear thuas. Cealóidh an córas go huathoibríoch iarratais atá fós idir lámha ag an am deiridh ar an dáta deiridh sonraithe.

Ní ghlacfar le hiarratais mhalla.

**Is fostóir comhdheiseanna é Ollscoil Mhá Nuad**

**Tá an post seo faoi réir Reachtanna na hOllscoile**